**PARLAIMINT NA hEORPA**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0170/2021**

25.5.2021

# TUARASCÁIL

maidir leis na dúshláin agus na deiseanna don earnáil iascaigh sa Mhuir Dhubh (2019/2159(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Ivo Hristov

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................18

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................21

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR .......................................................................................................22

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis na dúshláin agus na deiseanna don earnáil iascaigh sa Mhuir Dhubh (2019/2159(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[2],

– ag féachaint do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an mbeatha faoin uisce,

– ag féachaint do Threoir 2008/56 /CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí[3] (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019, lena leasaítear Rialachán (AE) 1343/2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir)[4],

– ag féachaint do Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga),

– ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat maidir le pleanáil spásúil mhuirí[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh[6] (CEMI),

– ag féachaint don Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004,

– ag féachaint dá rún reachtach an 10 Márta 2021 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2008

[1] IO L 336, 30.12.2019, lch. 14.
[2] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[3] OJ L 164, 25.6.2008, lch. 19.
[4] OJ L 164, 20.6.2019, lch. 1.
[5] IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
[6] IO L 149, 20.5.2014, lch. 1

ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialú ar iascach[7],

– ag féachaint do straitéis mheántéarmach (2017-2020) CGIM maidir le hinbhuanaitheacht an iascaigh sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh agus dá cinneadh maidir le straitéis nua do 2021-2025,

– ag féachaint do chinneadh CGIM maidir le 'straitéis nua d'iascach agus do dhobharshaothrú na Meánmhara agus na Mara Duibhe a thógáil le chéile' don tréimhse 2021-2025, a glacadh le linn an chruinnithe ardleibhéil an 3 Samhain 2020,

– ag féachaint do thograí an Choimisiúin maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2030,

– ag féachaint do Dhearbhuithe Aireachta maidir le Comhchlár Oibre Muirí don Mhuir Dhubh a glacadh ag na cruinnithe in Burgas an 31 Bealtaine 2018 agus i mBúcairist an 9 Bealtaine 2019, atá sínithe ag gach ceann de shé stát chladachúla na Mara Duibhe,

– ag féachaint do Chairt Eagraíocht na Mara Duibhe um Chomhar Eacnamaíochta, arb é is aidhm di feabhas a chur ar an idirphlé beartais agus ar bheartais iomadúla i réimsí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus le malartú sonraí staidrimh,

– ag féachaint don chlár oibre straitéiseach um thaighde agus nuálaíocht don Mhuir Dhubh, a seoladh in 2019 agus atá dírithe ar fhís chomhroinnte a chur chun cinn do Mhuir Dhubh a bheidh táirgiúil, sláintiúil, athléimneach agus inbhuanaithe faoi 2030,

– ag féachaint do na dearbhuithe i ndáil leis na Comhdhálacha Ardleibhéil maidir leis an iascach agus an dobharshaothrú sa Mhuir Dhubh, arna reáchtáil i mBúcairist in 2016 agus i Sóifia in 2018 (Dearbhú Aireachta Shóifia),

– ag féachaint do na comhdhálacha ardleibhéil le geallsealbhóirí na Mara Duibhe maidir le geilleagar gorm sa Mhuir Dhubh a tionóladh i mBúcairist (2014), i Sóifia (2015), in Odessa (2016) agus in Batumi (2017),

– ag féachaint do Choinbhinsiún 1992 maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú (Coinbhinsiún Bhúcairist) agus do na Prótacail a ghabhann leis, ar páirtithe iad an Bhulgáir agus an Rómáin ann agus a bhfuil stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach ina leith, agus ag féachaint freisin d'obair an Choimisiúin maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú ar bhonn an choinbhinsiúin sin,

– ag féachaint don Dearbhú Aireachta maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint an 7 Aibreán 1993,

– ag féachaint do chlár comhtháite faireacháin agus measúnaithe an Choimisiúin don tréimhse 2017-2020 maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint in ar Thruailliú (BSIMAP 2017-2022),

[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0076.

– ag féachaint don tionscadal BlackSea4Fish, a bhfuil tacaíocht airgeadais AE aige agus buiséad bliantúil de thart ar EUR 1 100 000 chun bainistiú inbhuanaithe stoc éisc sa Mhuir Dhubh a áirithiú,

– ag féachaint do mholadh CGIM in 2018 maidir le clár taighde réigiúnach d'iascach na cuachma féithí sa Mhuir Dhubh, arb é is aidhm leis meastachán a thabhairt ar dháileadh, ar fhlúirse, ar mhéid agus ar struchtúr aoise dhaonra na cuachma féithí sna tíortha rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Tuirc, an tSeoirsia agus an Úcráin),

– ag féachaint don tuarascáil ó Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch an Choimisiúin um Iascach an 11 Nollaig 2020 maidir le measúnú ar tháscairí cothromaíochta do phríomhranna cabhlaigh agus athbhreithniú ar thuarascálacha náisiúnta ar iarrachtaí na mBallstát cothromaíocht a bhaint amach idir acmhainneacht cabhlaigh agus deiseanna iascaireachta,

– ag féachaint do thuarascáil 2010 ó Roinn Beartais B na Parlaiminte dar teideal 'Iascaigh sa Mhuir Dhubh',

– ag féachaint do Chód Iompair na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta d'Iascaigh Fhreagracha 1995,

– ag féachaint do thuarascálacha thionscnamh réigiúnach AE agus Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (na tionscadail EMBLAS-I agus EMBLAS-II), a chuidigh le hacmhainneachtaí trí thír (an tSeoirsia, an Úcráin agus an Rúis) a neartú chun faireachán bitheolaíoch agus ceimiceach a dhéanamh ar cháilíocht an uisce sa Mhuir Dhubh i gcomhréir le reachtaíocht AE a bhaineann le huisce, agus a cuireadh chun feidhme idir 2013 agus 2014 (EMBLAS-I) agus 2014 agus 2018 (EMBLAS-II) faoi seach,

– ag féachaint do mholadh CGIM in 2009 maidir le liosta a bhunú de shoithí a meastar go ndearna siad iascaireacht NNN [neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte] i limistéar chur i bhfeidhm CGIM,

– ag féachaint do Stóras Sonraí Réigiúnach Reachtaíochta Náisiúnta CGIM (CGIM-Lex), ardán ar líne a chuimsíonn faoi láthair reachtaíocht náisiúnta maidir le hacmhainní muirí beo agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú i dtrí thír de chuid CGIM agus a bhfuil sé mar aidhm ag CGIM é a leathnú chuig limistéar iomlán CGIM (lena n-áirítear an Mhuir Dhubh) amach anseo,

– ag féachaint do Choinbhinsiún 1979 maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn), do Choinbhinsiún 1979 maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, do Choinbhinsiún 1973 maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, do Choinbhinsiún 1992 maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus do phlean gníomhaíochta uile-Eorpach 2018 do bhradáin fearna a glacadh faoi Choinbhinsiún Bheirn,

– ag féachaint do thuarascáil 2020 ó CIGM dar teideal 'Staid an Iascaigh sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh',

– ag féachaint dá rún an 13 Meán Fómhair 2011 maidir le bainistiú reatha an iascaigh sa

Mhuir Dhubh agus a bhainistiú amach anseo[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 dar teideal 'Níos mó éisc sna farraigí? Bearta chun aisghabháil stoc a chur chun cinn os cionn na huastáirgeachta inbhuanaithe (UTI), lena n-áirítear limistéir aisghabhála éisc agus limistéir mhuirí faoi chosaint'[9],

– ag féachaint do Shásra Cúnaimh na Mara Duibhe, arb é is aidhm leis treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do rialtais, d'infheisteoirí príobháideacha, do chomhlachais trádála agus tionscail, d'institiúidí taighde, d'ollscoileanna agus don phobal i gcoitinne maidir le deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí muirí an gheilleagair ghoirm i réigiún na Mara Duibhe,

– ag féachaint do Thionscnamh Shineirge na Mara Duibhe, agus do na trí thuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Shineirge na Mara Duibhe an 19 Meitheamh 2008 (COM(2008)0391), an 20 Eanáir 2015 (SWD(2015)0006) agus an 5 Márta 2019 (SWD(2019)0100),

– ag féachaint do straitéis AE do réigiún na Danóibe, atá dírithe, i measc nithe eile, ar phríomh-shaincheisteanna, amhail bithéagsúlacht agus forbairt shocheacnamaíoch i dtíortha abhantrach na Danóibe, a éascú agus a chomhordú,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0170/2021),

A. de bhrí gur muir leathdhúnta í an Mhuir Dhubh nach bhfuil nasctha leis an aigéan ach amháin tríd an Meánmhuir, trí bhíthin Mhuir Mharmara agus na Mara Aigéiche, agus agus a bhfuil sé thír ar a bruacha (an Bhulgáir, an Rómáin, an Tuirc, an tSeoirsia, an Úcráin, an Rúis), agus gan ach dhá cheann díobh ina mBallstáit (an Bhulgáir agus an Rómáin);

B. de bhrí go bhfuil athruithe móra comhshaoil tagtha ar an Muir Dhubh ó na 1960idí i leith, mar thoradh ar bhrú amhail eotrófú, tabhairt isteach speiceas ionrach agus ró-iascaireacht;

C. de bhrí gur tháinig athrú ar an réimeas comhshaoil sa Mhuir Dhubh mar thoradh ar ídiú na gcreachadóirí ab airde ar an mbia-eangach peiligeach agus ar laghdú na n-iasc planctabhórach ina dhiaidh sin;

D. de bhrí go bhfuil ciseal mór anocsach (87 %) sa Mhuir Dhubh agus de bhrí gur tháinig laghdú 20 go 25 mhéadar ar a ciseal ocsaigine le 20 bliain anuas; de bhrí gur eascair dian-dhíghrádú éiceachórais sa Mhuir Dhubh sna 1980í as gníomhaíochtaí an duine, amhail truailliú, scriosadh gnáthóg agus ró-iascaireacht; de bhrí, cé is moite de chúpla baictéar anaeróbach, nach ann do shaol muirí ag doimhneacht 50-200 m;

E. de bhrí gur díol mór spéise don earnáil iascaireachta iad ocht speiceas a dhéantar a iascach sa Mhuir Dhubh (ainseabhaí Eorpach (*Engraulis encrasicolus*), salán Eorpach

[8] IO C 51E, 22.2.2013, lch. 37
[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0017.

(*Sprattus sprattus*), bolmán (*Trachurus mediterraneus*), tubard (*Scophthalmus maximus*), faoitín (*Merlangius merlangus*), milléad dearg (*Mullus barbatus*), cuachma fhéitheach (*Rapana venosa*), fíogach gobach (*Squalus acanthias*)), a gcomhfhreagraíonn a bhformhór acu do stoic chomhroinnte, fad is atá dhá speiceas faoi réir cuótaí – salán, ag a bhfuil cuóta uathrialaitheach agus tubard, ag a bhfuil cuóta gabhála iomláine incheadaithe arna leagan síos ag CGIM; de bhrí go bhfuil speicis eile, amhail fíogach gobach (siorc), faoitín agus ainseabhaí fós gan chosaint; de bhrí gurb ionann an cuóta don salán do 2020-2022 agus cuóta 2011, is é sin 11 445 thona in aghaidh na bliana do AE (8 032.5 tona don Bhulgáir agus 3 442.5 tona don Rómáin), cé go bhfuil ráta AE don tubard méadaithe ó 114 go 150 tona in aghaidh na bliana agus go bhfuil sé roinnte go cothrom idir an Bhulgáir agus an Rómáin;

F. de bhrí go rachaidh córas uastáirgeachta inbhuanaithe do speicis atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de i dtíortha na Mara Duibhe chun tairbhe don bhithéagsúlacht, agus d'inbhuanaitheacht na hearnála iascaireachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma; de bhrí go bhfuil cuóta náisiúnta curtha i bhfeidhm ag an Rómáin le haghaidh speiceas seachas an dá speiceas a luaitear ar leibhéal AE – amhail cuachmaí féitheacha, diúilicíní (*Mytilus galloprovincialis*), mic shiobháin (*Ponticola cephalargoides*), maighdeoga riabhacha (*Chanelea gallina*), faoitíní agus fíogaigh ghobacha;

G. de bhrí, de réir fhigiúirí 2018, go bhfuil an tomhaltas bliantúil éisc *per capita* sa Bhulgáir (7.00 kg) agus sa Rómáin (7.99 kg) go mór faoi bhun mheán AE (24.36 kg), ar féidir breathnú air mar dheis don earnáil iascaireachta áitiúil fás;

H. de bhrí, ar an meán, gur soithí beaga iad 91 % de chabhlaigh iascaigh na Mara Duibhe ar leis na sé thír chladachúla iad; de bhrí go mbaineann beagnach 95 % de chabhlach na Bulgáire agus 87 % de chabhlach na Rómáine leis an gcatagóir sin;

I. de bhrí, de réir CIGM, go bhfuil foghabháil shuntasach de speicis leochaileacha siorcanna agus roc agus de mhamaigh mhuirí, amhail deilfeanna agus muca mara, ag an earnáil iascaireachta ar mhionscála sa Mhuir Dhubh;

J. de bhrí gur saintréith de réigiún na Mara Duibhe agus na Danóibe Íochtaraí is ea an t-iascach ar mhionscála;

K. de bhrí go bhfuil soithí iascaireachta NNN ag oibriú sa Mhuir Dhubh agus gur beag acmhainneacht atá ag na stáit chladachúla faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí iascaireachta; de bhrí, de réir na sonraí is déanaí de chuid CGIM atá ar fáil ón 4-8 Samhain 2019, gur sainaithníodh 65 shoitheach mar shoithí iascaireachta NNN;

L. de bhrí gur leithdháil CEMI níos mó ná EUR 88 milliún don Bhulgáir agus níos mó ná EUR 168 milliún don Rómáin do 2014-2020; de bhrí go bhfuil rátaí ionsúcháin an dá thír fós i measc na rátaí ionsúcháin is ísle in AE, de réir na faisnéise is déanaí atá ar fáil ón 31 Nollaig 2020, agus nach bhfuil ach 36.34 % den chistiú leithdháilte caite ag an mBulgáir agus nach bhfuil ach 33.72 % de caite ag an Rómáin; de bhrí go bhféadfadh deiseanna caillte do na pobail iascaireachta sna tíortha sin a bheith mar thoradh ar rátaí ionsúcháin níos ísle;

M. de bhrí go bhfuil an Chomhairle Chomhairleach um an Mhuir Dhubh oibríochtúil agus go nglacann sí páirt i bhforbairt bheartais AE maidir le hiascach sa Mhuir Dhubh; de

bhrí gurb é CIGM a dhéanann bainistiú iascaigh don Mhuir Dhubh;

N. de bhrí go ngníomhaíonn an Coimisiún um Chosaint na Mara Duibhe ar Thruailliú ar shainordú thíortha na Mara Duibhe (an Bhulgáir, an tSeoirsia, an Rómáin, an Rúis, an Tuirc agus an Úcráin), a shínigh Coinbhinsiún Bhúcairist agus a dhaingnigh go gairid ina dhiaidh sin é; de bhrí go gcuireann an coinbhinsiún sin ceangal ar gach páirtí conarthach truailliú sa Mhuir Dhubh a chosc, a laghdú agus a rialú chun an mhuirthimpeallacht sin a chosaint agus a chaomhnú;

O. de bhrí go bhfuil an t-athrú aeráide ag cur le méadú ar theocht an aeir i réigiún na Mara Duibhe, rud a imríonn tionchar ar theocht na farraige agus a bhfuil tionchar aige ar an mbithéagsúlacht agus ar speicis mhuirí; de bhrí go bhfuil tionchar ag an athrú sin ar an earnáil iascaireachta ós rud é go ndéantar difear do na hacmhainní a bhfuil sí ag brath orthu;

P. de bhrí gur mhol an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip agus Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2030, lena leagtar síos an bhunchloch do phacáistí reachtacha lena n-athraítear an *acquis communataire* i ndáil leis an gcomhshaol; de bhrí go gcruthódh sé sin deiseanna agus bearta nua chun gnéithe comhshaoil a chomhtháthú níos fearr i mbeartais earnála, chun speicis agus gnáthóga a athbhunú, agus chun infheistíochtaí agus beartais atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chur chun cinn;

Q. de bhrí, mar gheall ar shaintréithe na Mara Duibhe, amhail a himchuach mór draenála, gur limistéar thar a bheith íogair í le haghaidh truailliú ó bhruscar muirí agus carnadh micreaphlaistigh; de bhrí, de réir na tuarascála a dréachtaíodh mar chuid de thionscadal EMBLAS-Plus ar an Muir Dhubh, go bhfuil beagnach dhá oiread dramhaíola ansin ná mar atá sa Meánmhuir, rud a bhfuil iarmhairtí aige, gan amhras, ar an mbithéagsúlacht, ar stoic éisc agus ar earnáil na hiascaireachta;

R. de bhrí go bhfuil trí fho-speiceas eindéimeacha de chéiticigh sa Mhuir Dhubh – deilf choiteann na Mara Duibhe (*Delphinus delphis ponticus*), deilf bholgshrónach na Mara Duibhe (*Tursiops truncatus ponticus*) agus muc mhara na Mara Duibhe (*Phocoena phocoena relicta*) – a bhfuil gach ceann díobh aicmithe mar speicis atá i mbaol agus a bhfuil dhá cheann díobh – deilf bholgshrónach na Mara Duibhe agus muc mhara na Mara Duibhe – a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga; de bhrí gur carnabhóirí a itheann iasc den chuid is mó atá i gceist leo sin uile;

S. de bhrí go meastar gur speiceas ionrach gan naimhde nádúrtha sa Mhuir Dhubh í an chuachma fhéitheach, atá ina bagairt tromchúiseach do dhaonraí orgánach eile; de bhrí, san am céanna, gur foinse thábhachtach ioncaim í agus gur spriocspeiceas í le haghaidh soithí iascaireachta tráchtála;

T. de bhrí go bhfuil éiceachóras na Mara Duibhe ag brath ar aibhneacha móra Eorpacha amhail an Danóib le haghaidh insreabhadh uisce; de bhrí go gcruthaíonn an spleáchas sin dlúthnasc idir stádas éiceolaíoch na Danóibe agus aibhneacha eile agus stádas éiceolaíoch na Mara Duibhe; de bhrí go ndéanann na haibhneacha sin méideanna móra de smionagar nádúrtha agus antrapaigineach ó fhoinsí intíre a iompar; de bhrí go gcuireann an Danóib agus an Mhuir Dhubh gnáthóg ar fáil do speicis áirithe, lena n-áirítear bradáin fearna (*Acipenseriformes*) agus seada pontacha (*Alosa immaculata*);

U. de bhrí gur fhág tosca amhail díghrádú ghnáthóg na speiceas sin, suaitheadh a gconairí imirce, a róshaothrú le haghaidh caibheáir agus a gcuid feola, agus truailliú, go bhfuil bradáin fearna na Danóibe agus na Mara Duibhe i mbaol a ndíothaithe; de bhrí gur go fíor-annamh a tharlaíonn pórú nádúrtha an speicis sin anois sa lá atá inniu ann de dheasca an laghdaithe as cuimse ar líon na mbradán fearna pórúcháin; de bhrí go raibh daonraí móra bradán fearna sa Danóib agus sa Mhuir Dhubh tráth;

V. de bhrí go raibh an laghdú ollmhór ar líon na n-iasc sceitheach, a bhaineann leis an laghdú ar an líon foriomlán éisc, mar chúis le cliseadh ar atáirgeadh nádúrtha, rud a d'fhág gur lú an seans gur féidir an líon beag iasc fireann agus iasc baineann atá fágtha buaileadh le chéile agus sceitheadh;

W. de bhrí go léiríonn sonraí atá i seilbh institiúidí taighde go bhfuil daonraí de speicis bradán fearna scoilte agus ar iarraidh ó ghlúnta áirithe, go bhfuil atáirgeadh nádúrtha speiceas bradán fearna easnamhach, go bhfuil líon na n-aosach a théann chuig an Danóib thar a bheith íseal agus go bhfuil cúig speiceas bradán fearna ann (mionbhradán fearna (*Acipenser ruthenus*), bradán fearna Rúiseach (*Acipenser gueldenstaedtii*), bradán fearna réaltach (*Acipenser stellatus*) agus bradán fearna Eorpach (*Acipenser sturio*) agus bradán fearna Eorpach (*Huso huso*)) ar tí a ndíothaithe, fad a mheastar go bhfuil an bradán fearna bolgnocht (*Acipenser nudiventris*) imithe in éag cheana;

X. de bhrí go bhfuil caighdeáin arda i bhfeidhm cheana féin in earnáil iascaireachta AE, ar caighdeáin iad is gá a athbhreithniú agus a choigeartú chun inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta a áirithiú feadh an tslabhra luacha iomláin, lena n-áirítear cearta saothair agus sláinte agus leas ainmhithe, agus chun táirgí iascaigh ar ardchaighdeán a sholáthar;

Y. de bhrí gur féidir leis an earnáil iascaireachta áineasa deiseanna a chur ar fáil amhail gníomhaíocht nó éagsúlú ioncaim, agus ag an am céanna luí le cuspóirí comhshaoil, ós rud é gur cineál an-roghnaitheach iascaireachta is ea an tslatiascaireacht áineasa;

Z. de bhrí go bhfuil tionchar tromchúiseach ag ráig COVID-19 ar earnáil iascaigh na Mara Duibhe; de bhrí gur léirigh anailísí gur fhulaing an earnáil iascaireachta sa Mhuir Dhubh go mór le linn na paindéime, agus go bhfuil laghdú suas le 80 % tagtha ar obair na long oibriúcháin, sa bhreis ar laghdú thart ar 75 % ar an táirgeadh ar dtús;

AA. de bhrí gur leag géarchéim COVID-19 béim ar an tábhacht a bhaineann le hiascaigh agus le dobharshaothrú ó thaobh rochtain ar bhia a áirithiú;

***Stádas stoic na speiceas sa Mhuir Dhubh a mbaineann tábhacht mhór eacnamaíoch leo***

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cuid mhór i ngeall, go straitéiseach agus go geopholaitiúil, le himchuach na Mara Duibhe mar gheall, i measc nithe eile, ar na dálaí comhshaoil an-sonrach a éilíonn aird ar leith, cur chuige saincheaptha, caighdeáin uaillmhianacha chomhshaoil agus comhghníomhaíochtaí atá dírithe ar gheilleagar gorm inbhuanaithe agus ar fhás a bhaint amach; á chur i bhfáth gur gá an comhar idir tíortha na Mara Duibhe a neartú agus a dhoimhniú tuilleadh d'fhonn bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar stoic éisc agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, lena n-áirítear trí CGIM; á iarraidh i ndáil leis sin go mbeadh plean acmhainneachta réigiúnach ann lena n-áiritheofaí cothromaíocht iomchuí idir na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil, sábháilteacht

comhshaoil agus cothabháil acmhainneacht cabhlaigh thíortha cladachúla uile na Mara Duibhe;

2. á chur i bhfios gur leagadh béim cheana i nDearbhú Aireachta Shóifia an 7 Meitheamh 2018 ar an ngá atá le cur chuige comhoibríoch maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an iascaireacht sa Mhuir Dhubh, amhail inbhuanaitheacht acmhainní muirí, bailiú sonraí a fheabhsú agus dul i ngleic le hiascaireacht NNN; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme Dhearbhú Aireachta Shóifia;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le comhar ar bhonn cothrom i réimse an bhainistithe iascaigh i réigiún na Mara Duibhe mar gheall ar na stoic chomhroinnte agus na dúshláin dhomhanda, a théann thar theorainneacha náisiúnta;

4. ag cur béim ar an bhfíoras, i gcás na Meánmhara agus na Mara Duibhe, as measc na 65 roinn cabhlaigh, arbh fhéidir an táscaire buainte inbhuanaithe, mar a thugtar air, a ríomh ina leith, nach raibh ach aon cheann amháin acu ann a bhí comhardaithe in 2018;

5. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé bearta a chur chun cinn chun tacú le bailiú agus próiseáil sonraí eolaíocha;

6. á thathant go gcuirfí tíortha uile na Mara Duibhe san áireamh i dtionscadal CGIM-Lex chun comhbhainistiú na stoc éisc a éascú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr agus níos tapúla;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, tar éis do dhaoine breis brú a chur ar éiceachórais agus ar acmhainní iascaigh na Mara Duibhe agus na Danóibe leis na scórtha bliain anuas, go dtugann na sonraí is déanaí le tuiscint nach meastar ach stoc amháin (salán) a bheith á shaothrú go hinbhuanaithe agus go bhfuil ró-iascaireacht á déanamh ar stoic éisc eile, sa mhéid go bhfuil cuid acu gar don ídiú; ag tabhairt dá haire go raibh roinnt treochtaí dearfacha ann le blianta beaga anuas le haghaidh stoc áirithe, mar shampla turbard, ar méadaíodh a chuóta gabhála iomláine incheadaithe do 2020-2022, ach nach bhfuil aon fheabhas suntasach ann ar an leibhéal ginearálta don Mhuir Dhubh go fóill; á chur i bhfáth nach mór bearta cosanta leanúnacha amhail pleananna bainistíochta a bheith ag gabháil le gach forbairt ar stoic turbard agus salán na Mara Duibhe;

8. ag aithint ról na gcóras riaracháin in imchuach iomlán na Mara Duibhe, a bhfuil beartais éagsúla acu, a dhéanann faireachán, rialú agus bainistiú inbhuanaithe, agus a chuidíonn le hinbhuanaitheacht na hearnála iascaireachta a fheabhsú;

9. á iarraidh ar údaráis na Bulgáire agus na Rómáine cuidiú leis an earnáil trí acmhainní a dhaingniú atá dírithe go sonrach ar roghnaíocht na soithí iascaireachta a fheabhsú trí bhíthin líonta mogaill níos fearr; á chreidiúint go laghdóidh beart spriocdhírithe den sórt sin cainníochtaí agus cineálacha foghabhála de thaisme;

10. á iarraidh go ndéanfaí caipiteal institiúideach agus daonna thíortha cladachúla na Mara Duibhe a chomhtháthú le haghaidh taighde comhpháirteach agus gníomhaíochtaí feidhmeacha atá dírithe ar acmhainní bitheolaíocha na Mara Duibhe agus stoic na speiceas atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de a fheabhsú;

11. á chur i bhfáth gur saincheist ríthábhachtach do réigiún na Mara Duibhe í an easpa faisnéis leordhóthanach maidir le gníomhaíocht iascaireachta, cainníocht na gabhála, comhdhéanamh na gabhála agus an tionchar atá aici ar staid reatha na stoc éisc; á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, go bhfuil gá le maoiniú leordhóthanach do chomhlachtaí eolaíocha a dhéanann taighde ar stoic de speicis éisc sa Mhuir Dhubh, lena n-áirítear speicis imirceacha amhail bradáin fearna agus seada na Mara Duibhe, céiticigh atá i mbaol agus speicis nach speicis éisc iad (cuachmaí féitheacha, diúilicíní, etc.), chomh maith le paraiméadair nasctha d'éiceachóras na mara; á éileamh go gcuirfí leis an gcomhar idir na Ballstáit maidir le cúrsaí rialaithe trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ábhartha agus ionstraimí sonracha éigeantacha eolaíochta amhail ceamaraí ar bord nó breathnóirí éigeantacha ar bord, i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir le reachtaíocht AE is infheidhme;

12. á chur in iúl gur geal léi an clár taighde réigiúnach maidir le daonra na cuachma féithí a thionscain CGIM toisc go gcuideoidh sé le teacht ar chomhthoil faoin speiceas; á chreidiúint go gcuideoidh sé sin le saothrú atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt, rud a bhféadfadh brabúis shocheacnamaíocha do phobail agus tairbhí comhshaoil d'éiceachóras na Mara Duibhe eascairt as trí thionchar an speicis ionraigh sin a theorannú;

13. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé beartas neamhfhulaingthe a thabhairt isteach i ndáil le hiascaireacht NNN sa Mhuir Dhubh; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí CGIM i ndáil leis an méid sin agus ag tathant ar na stáit chladachúla uile iarrachtaí a dhéanamh agus a thabhairt le chéile chun deireadh a chur le hiascaireacht NNN ina n-uiscí;

14. ag tathant ar na stáit chladachúla uile iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, ró-iascaireacht a chomhrac nó deireadh a chur le foghabháil speiceas atá i mbaol, amhail bradáin fearna, seada agus eile;

15. ag tathant ar na hinstitiúidí agus ar na forais idir-rialtasacha uile, mar aon le stáit chladachúla uile na Mara Duibhe, i measc grúpaí eile, a n-acmhainní iascaigh a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus i gcomhréir lena ngealltanais, sonraí maidir leo a roinnt ar bhealach críochnúil agus cuimsitheach chun stádas ard éiceachórais na ngnáthóg muirí sin a áirithiú;

16. á mheabhrú go bhfuil staidreamh oifigiúil iontaofa, a bhailítear go rialta trí mhodheolaíocht chomhchuibhithe i measc na stát cladachúil uile, faireachán rialta agus comhbhearta rialála ríthábhachtach chun go n-éireoidh le bainistiú ceart iascaigh sa Mhuir Dhubh; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar na húdaráis faoi seach sna Ballstáit agus sna tíortha comhoibríocha araon taighde rialta agus críochnúil a dhéanamh ar na hacmhainní éisc a bhfuil cistiú agus cúnamh náisiúnta ríthábhachtach dóibh;

17. á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhar cumarsáide áitiúil agus réigiúnach laistigh de stáit cladachúla éagsúla na Mara Duibhe, ionas gur féidir cur chuige coiteann agus comhleanúnach a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú na stoc éisc;

18. á mheabhrú go mbaineann acmhainneacht le teicneolaíochtaí nua agus gur féidir breisluach ard a bheith ag baint leo ó thaobh taighde agus pleanála de maidir le bainistiú iascaigh; á mheabhrú go bhfuil tionscadail ann a mhaoinítear trí CEMI a bhfuil sé d'aidhm acu, i measc nithe eile, bun na farraige agus an taighde a dhéantar air, mar aon

le láithreacht plaisteach ann, a mhapáil;

19. ag tathant ar stáit chladachúla na Mara Duibhe infheistíocht a dhéanamh i ndigitiú staidrimh agus sonraí maidir leis na stoic éisc in imchuach na Mara Duibhe chun go bhféadfar na stoic sin a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus níos inbhuanaithe; á iarraidh go mbeadh modheolaíocht choiteann ann maidir leis na sonraí sin a chur síos agus a úsáid;

20. á iarraidh ar thionscal na hiascaireachta sa réigiún breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as stoic éisc nach n-aithnítear i gceart agus nach n-úsáidtear, ar stoic iad atá ina bhfoinsí próitéine freisin;

21. á iarraidh ar phobail eolaíocha sna Ballstáit taighde a dhéanamh ar acmhainneacht chomhshaoil saor ó ocsaigin;

22. á thabhairt chun suntais ról na hearnála neamhrialtasacha sa phróiseas cinnteoireachta i leith na Mara Duibhe; ag moladh go mbunófaí sásra chun an earnáil neamhrialtasach a áireamh sa phróiseas sin;

23. á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht a tugadh d'earnálacha na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe trí chláir CEMI d'fhonn éifeachtaí díobhálacha phaindéim COVID-19 ar an earnáil iascaireachta áitiúla a mhaolú; á mheabhrú, áfach, nach bhféadfadh na geallsealbhóirí go léir a ndéantar difear dóibh tairbhe a bhaint as an tacaíocht sin mar gheall ar cheanglais agus teorainneacha riaracháin, rud a chuir cuid acu i staid atá níos mífhabhraí ná a chéile;

24. á chur i bhfios go láidir an obair thábhachtach a dhéanann Comhairle Chomhairleach na Mara Duibhe ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon maidir le saineolas a chur ar fáil faoin earnáil iascaireachta agus na treochtaí a dhéanann difear di; á iarraidh, ina leith sin, ar údaráis na Bulgáire agus na Rómáine rannchuidiú le feidhmiú na comhairle chun cuidiú léi a feidhmeanna a chomhlíonadh agus freisin cead a thabhairt do na geallsealbhóirí ar fad, lena n-áirítear iascairí ar mhionscála, páirt a ghlacadh in obair agus i bpróiseas cinnteoireachta na comhairle;

***Gnéithe trádála***

25. á thabhairt chun suntais go bhfágann earnáil an iascaigh gur féidir bia mara a thairiscint lena dhíol sna margaí áitiúla ina bhfuil tomhaltas na dtáirgí sin íseal; á iarraidh ar na húdaráis inniúla sa Bhulgáir agus sa Rómáin cuidiú leis na hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe chun feasacht a mhéadú maidir le tomhaltas áitiúil agus na héifeachtaí carnacha dearfacha a bhíonn ag iascaireacht agus ag dobharshaothrú inbhuanaithe ar an ngeilleagar áitiúil;

26. ag aithint agus á chur i bhfios go láidir go gcuireann iascaigh na Mara Duibhe go mór le geilleagair réigiúnacha agus áitiúla trí ioncam díreach agus ioncam a ghiniúint, trí chaiteachas níos leithne a spreagadh agus trí phoist ríthábhachtacha a sholáthar go neamhspleách nó trí chomhar le hearnálacha eile amhail turasóireacht agus iompar; á iarraidh go neartófaí an comhar i measc na n-earnálacha ar fad a bhaineann úsáid as an muirthimpeallacht d'fhonn torthaí níos fearr agus cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir leasanna an chomhshaoil, an tionscail agus iascairí ar mhionscála;

27. á mheabhrú gur laghdaigh táirgí allmhairithe an tóir atá ar tháirgí a ullmhaíodh go traidisiúnta agus gur laghdaigh siad a bpraghas faoi bhun theorainn na brabúsachta, rud a chuireann samhlacha gnó traidisiúnta atá bunaithe ar éisc i mbaol;

28. á mheabhrú gurb é atá i gcabhlach iascaireachta na Mara Duibhe den chuid is mó soithí iascaireachta ar mhionscála, rud a chuireann béim ar an ngá atá le cineálacha cur chuige níos saincheaptha agus beartais maidir leis an gcuid sin den earnáil iascaireachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil ioncam níos éagobhsaí agus níos ísle ag iascairí ar mhionscála i gcomparáid leo siúd atá ag obair in earnálacha eile, rud a fhágann go bhfuil siad leochaileach i leith forbairtí nó géarchéimeanna gan choinne; á iarraidh ar na húdaráis inniúla sna Ballstáit chladachúla ról a thabhairt d’ionadaithe ón earnáil iascaireachta ar mhionscála sa dréacht beartais agus sna pléití ar bhealach trédhearcach agus cuimsitheach;

29. á chur i bhfios go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh domhanda ar phróitéin, ar féidir leis na hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe rannchuidiú go mór leis; á mheas go bhféadfadh tacaíocht a thabhairt don dobharshaothrú muirí cabhrú le forbairt agus fás na hearnála sna blianta amach romhainn agus go bhféadfaí an brú ar stoic éisc fhiáine a laghdú dá bharr; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mbeadh tuilleadh taighde eolaíoch ag teastáil do dhobharshaothrú inbhuanaithe ar shaincheisteanna amhail dlús agus fo-éifeachtaí, ar gá iad a chur san áireamh agus beartais á gceapadh don earnáil dobharshaothraithe sa Mhuir Dhubh;

30. á iarraidh ar phobail iascaireachta áitiúla machnamh a dhéanamh ar ainmniúcháin tionscnaimh a thabhairt isteach do tháirgí na Mara Duibhe a thagann as limistéir a bhfuil tábhacht réigiúnach nó áitiúil ag baint leo; á iarraidh ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cabhrú leis na pobail sin ina n-iarrachtaí é sin a dhéanamh;

***Beartas spriocdhírithe don earnáil***

31. á iarraidh ar na Ballstáit sa réigiún machnamh a dhéanamh ar thacú leis an earnáil trína áireamh ina gcláir náisiúnta do 2021-2027 nó trí ionstraimí agus leithdháiltí náisiúnta eile d’fheachtais atá tiomnaithe do thairbhí an tomhaltais éisc agus don tábhacht a bhaineann le hiascaireacht inbhuanaithe, chun tacú leis an earnáil trí shlabhraí bia áitiúla a chruthú chun rochtain níos éasca ar an margadh a éascú, go háirithe d’iascairí ar mhionscála, agus chun tógáil bonneagair iascaigh (e.g. margaí éisc nó tithe ceantála éisc etc.) a fhorbairt, a fheabhsú nó a éascú, i gcás inarb infheidhme; á iarraidh ar na Ballstáit sa réigiún níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i bhforfheidhmiú reachtaíocht chomhshaoil agus iascaigh an Aontais Eorpaigh;

32. ag tathant ar na húdaráis inniúla sa Rómáin agus sa Bhulgáir chun tráthchuid de scéim spriocdhírithe d’iascairí óga a áireamh ina gcláir oibríochtúla faoi seach de chuid an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe don tréimhse 2021-2027 d’fhonn athnuachan a dhéanamh ar an earnáil iascaireachta, lena n-áirítear deontais do cheannaitheoirí céaduaire soithigh iascaireachta, agus bearta atá dírithe ar thruailliú a laghdú trí dheontais a sholáthar chun sean-innill soithí iascaireachta a ionadú le cinn nua nach bhfuil díobhálach don chomhshaol;

33. á chur i bhfios go láidir nár cheart gur ar na hearnálacha iascaireachta agus

dobharshaothraithe amháin a bheadh an brú chun dul in oiriúint do dhúshláin nua, ós rud é go bhfuil caighdeáin arda chomhshaoil agus shóisialta á gcur i bhfeidhm acu cheana féin; á áitiú, dá bhrí sin, gur cheart díriú ar ghníomhaíochtaí eile mara freisin, amhail iascaireacht áineasa, turasóireacht chósta, gníomhaíochtaí cuain agus loingseoireachta agus gníomhaíochtaí saothraithe acmhainní, ar gá dóibh a gcaighdeáin a fheabhsú chun aistriú gorm rathúil a áirithiú;

34. á chur i bhfáth ról ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla iascaigh maidir leis na cleachtais is fearr a mhalartú agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na heolaíochtaí, geallsealbhóirí áitiúla agus an tionscal i measc bhaill na bpobal iascaireachta faoi seach, agus tríd an gcomhar idirnáisiúnta freisin; ag tathant ar na húdaráis inniúla sa Bhulgáir agus sa Rómáin tacaíocht náisiúnta a chur ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú le stáit chladachúla eile na Mara Duibhe, a bhfuil dea-chleachtais acu maidir le bainistiú stoic do speicis atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de amhail turbard;

35. ag tabhairt dá haire an gá atá le dea-chleachtais a chaomhnú in earnáil na hiascaireachta trí ualaí eacnamaíocha d’iascairí ar mhionscála agus dá gcomhlachais a laghdú;

36. á iarraidh oiliúint agus oideachas san earnáil ar leibhéal na meánscoile agus an ardoideachais araon a dhéanamh níos tarraingtí trí, mar shampla, feachtais faisnéise spriocdhírithe agus laethanta oscailte do mhic léinn ionchasacha i gcomhar leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach;

37. á mheabhrú go bhfuil gá le bearta réamhghníomhacha ar leibhéil éagsúla maidir leis an leibhéal íseal oideachais atá ag iascairí (tá leibhéal oideachais níos ísle ná leibhéal meánscoile ag 11 % d’iascairí na Bulgáire agus de 53 % d’iascairí na Rómáine) d’fhonn a áirithiú go mbeidh fórsa saothair sciliúil agus dea-oilte ann a bhfuil cur amach aige ar na caighdeáin riachtanacha theicniúla, shóisialta agus chomhshaoil, agus a chabhróidh chun leibhéil níos fearr inbhuanaitheachta stoc a bhaint amach; á iarraidh go mbeadh gné shochaíoch láidir ann i bhfás gorm inbhuanaithe réigiún na Mara Duibhe i ndáil le príomhphrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe maidir le hoibrithe neamhbhuana, séasúracha agus neamhdhearbhaithe agus maidir le rochtain na mban ar an earnáil;

38. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí ionaid taispeántais a bhunú sa Rómáin, sa Tuirc agus sa Bhulgáir i gcomhar le GFCM, a bhfuil sé d’acmhainn acu cur le tarraingteacht an iascaigh do ghnólachtaí áitiúla agus do gheallsealbhóirí;

39. á iarraidh go gcuirfí chun feidhm an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí go hiomlán agus go práinneach;

***Comhshaol, bithéagsúlacht agus athrú aeráide***

40. á iarraidh bearta spriocdhírithe agus acmhainní leordhóthanacha chun truailliú agus foghabháil ealásmabrainciach leochaileacha (amhail fíogaigh ghobacha) agus mamaigh mhuirí a laghdú, agus chun dlús a chur go tapa le hiarrachtaí chun an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint ar fud an imchuach trí chláir chomhpháirteacha agus buiséid, agus leas á bhaint go háirithe as na hacmhainní airgeadais atá ar fáil faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe; á iarraidh go ndéanfaí taighde fhairsing ar thruailliú plaisteach agus ar thionchar na bplaisteach agus na dtruailleán eile

ar orgánaigh bheo sa Mhuir Dhubh agus go ndéanfaí sin a mheas; á iarraidh go ndéanfaí truailliú nítrigine in imchuach na Mara Duibhe a thomhas go córasach; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfar suirbhéanna ar fud an imchuach chun comparáidí a dhéanamh idir comhdhéanamh agus carnadh an bhruscair mhuirí laistigh de thíortha agus idir tíortha;

41. á mheabhrú nach cúis le harduithe teochta ná athrú aeráide iad na hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe, ach go bhfuil a n-iarmhairtí á bhfulaingt acu, amhail teocht mhéadaithe aeir, a mhéadaíonn an teocht i gcisil uachtaracha na farraige;

42. á iarraidh go ndéanfaí gréasáin agus cláir faireacháin a chur ar bun go mear atá in ann staid chomhshaol na Mara Duibhe a thomhas go córasach, mar a cheanglaítear le Coinbhinsiún Bhúcairist;

43. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá bearta chun iascaireacht NNN a chosc; ag tathant ar na stáit chladachúla seasamh níos doichte a bheith acu maidir le hiascaireacht NNN sa Mhuir Dhubh;44. á iarraidh ar stáit chladachúla na Mara Duibhe infheistíocht a dhéanamh i dtaighde eolaíoch agus i mbailiú sonraí maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar éiceachórais na Mara Duibhe agus na Danóibe Íochtaraí; á mheabhrú gur cheart go n-áireofaí leis sin dóthain acmhainní a chur ar fáil don chomhphobal eolaíochta chun taighde a dhéanamh ar an láthair ar bhealaí imirce, geimhreadh, beathú agus aibíocht atáirgthe, a mbeidh tionchar aige freisin ar shaintréithe agus ar infhaighteacht na stoc;

45. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an laghdú ar thruailliú talamhbhunaithe ríthábhachtach chun eotrófú agus láithreacht substaintí díobhálacha a dhéanann difear do stádas beo-acmhainní muirí a laghdú;

46. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAanna) ó thaobh bithéagsúlacht a chaomhnú agus stop a chur leis an gcaillteanas reatha sa chomhshaol muirí nó í a athbhunú, agus á chur i bhfáth go bhfuil MPAanna deartha chun gnáthóga a bhfuil ardluach éiceolaíoch acu a chosaint; á chur i bhfáth go bhfuil gá le staidéir shocheacnamaíocha agus réitigh chúiteacha do bhaill na bpobal cósta d’fhonn na limistéir sin a leagan amach; á mheas gur cheart cur chun feidhme aon MPA a bhunú ar an eolas is fearr atá ar fáil i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile, amhail údaráis áitiúla, an pobal eolaíochta agus eagraíochtaí iascairí;

47. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an fhíorbhagairt díofa atá ar na cúig speiceas bradán fearna atá fágtha sa Mhuir Dhubh agus in Imchuach Dheilt na Danóibe; ag aithint na n-iarrachtaí a rinne na húdaráis sa Bhulgáir agus sa Rómáin, a thug isteach toirmisc iomlána ar iascaireacht bradán fearna sa Mhuir Dhubh in 2008 agus in abhainn na Danóibe in 2011, agus a chuir síneadh leo ar feadh cúig bliana eile (go dtí 2026); á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí chun na limistéir sin a athstocáil le bradáin fearna, atá déanta ag saineolaithe ó struchtúir neamhrialtasacha agus stáit, agus a bhfuil tacaíocht faighte acu ó na saineolaithe sin, agus ar cheart faireachán leanúnach a dhéanamh orthu; á chreidiúint gur cheart saoráidí dobharshaothraithe a bheith páirteach sna hiarrachtaí freisin; á iarraidh ar gach stát cladachúil bearta diana caomhnaithe agus cláir athstocála bradán fearna a thabhairt isteach don Mhuir Dhubh ina hiomláine;

48. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach leor an taighde ar athrú aeráide agus a éifeachtaí ar an Muir Dhubh, agus go mbeidh sé fós ríthábhachtach sna blianta amach romhainn; á

iarraidh ar na stáit chladachúla taighde den chineál sin a mhaoiniú, lena gcumhdaítear speicis éisc (a bhfiseolaíocht, a mbealaí imirceacha agus atáirgeadh) agus athruithe ina slabhra bia, a mbíonn tionchar acu ar na stoic;

49. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur gá dinimic na stoc a thomhas go rialta chun bearta bainistíochta leordhóthanacha a dhearadh; á mheabhrú go bhfuil stoic na speiceas atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de níos íogaire agus níos leochailí i leith an athraithe aeráide de dheasca ró-iascaireachta agus brú antrapaiginigh;

50. ag tathant ar na húdaráis faireacháin faoi seach faireachán éifeachtach a dhéanamh ar láithreáin NATURA 2000 agus ar MPAnna sa Mhuir Dhubh;

51. á iarraidh ar na Ballstáit feirmeoireacht *ex situ* bradán fearna a fhorbairt a bheidh dírithe ar athstocáil a dhéanamh ar an bpobal áitiúil chun críocha neamhthráchtála; á iarraidh ar na Ballstáit cláir athoiliúna agus slite beatha eile a chur ar fáil d'iascairí bradán fearna d'fhonn leibhéal gabhálacha neamhdhleathacha a laghdú;

52. á iarraidh ar na Ballstáit tacú le pasanna imirce a chruthú lena gcuirfí ar chumas bradán fearna agus speicis imirceacha eile na dambaí ag Porțile de Fier (na Geataí Iarainn) agus Gabčíkovo a thrasnú;

53. á chur i bhfáth an gá práinneach atá ann limistéir a bhunú inar féidir le líonta fiáine bradán fearna, sead agus speiceas eile éisc teacht slán; á iarraidh ar na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann togra a chur le chéile chuige sin, a rachaidh chun tairbhe do chaomhnú na bithéagsúlachta agus do bhainistiú iascaigh;

54. á iarraidh ar na Ballstáit féachaint an bhféadfaí teacht chun bheith ina sínitheoirí le Coinbhinsiún Barcelona maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara d'fhonn na cuspóirí maidir le cosaint speiceas agus gnáthóg atá leagtha amach ann a ailíniú le cuspóirí Choinbhinsiún Bhúcairist;

55. á mheabhrú go bhfuil gá le tuilleadh taighde eolaíoch ar dhaonra roinnt moileasc amhail an maighdeog riabhach (*Chamalea gallina*) d'fhonn dáileadh na speiceas a mhapáil ar bhealach níos fearr agus féachaint an bhféadfaí é a úsáid don mhuirshaothrú freisin;

56. á iarraidh ar na stáit chladachúla cur chuige coiteann a fhorbairt maidir le cuidiú le céiticigh leibhéil chobhsaí pobail a bhaint amach agus a stádas caomhantais a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfaí bearta spriocdhírithe amhail feistí fuaimchiaptha agus acmhainní leordhóthanacha eile chun feabhas a chur ar stádas speiceas atá i mbaol sa Mhuir Dhubh, amhail deilfeanna;

57. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis inniúla sa Bhulgáir agus sa Rómáin maoiniú a chur ar fáil le haghaidh taighde ar staid na Sead Pontach (*Alosa spp.*) atá liostaithe faoi láthair in Iarscríbhinn V den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), lena n-áirítear anailísí eolaíocha agus socheacnamaíocha ina ndéantar measúnú ar an ngá atá ann é a aistriú go dtí Iarscríbhinn II nó fiú Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoir, má chomhlíontar na critéir riachtanacha;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint go práinneach leis an mbradán fearna, atá liostaithe faoi láthair in Iarscríbhinn V den Treoir maidir le Gnáthóga, a aistriú chuig

Iarscríbhinn II nó fiú Iarscríbhinn I;

***Gníomhaíocht phraiticiúil***

59. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí plean bainistíochta ilbhliantúil cosúil leis na cinn atá i bhfeidhm in imchuacha farraige eile a thabhairt isteach don Mhuir Dhubh;

60. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún gach bliain, ina theachtaireacht maidir le staid na himeartha an chomhbheartais iascaigh agus ina chomhairliúchán maidir le deiseanna iascaireachta, go bhfuil ró-iascaireacht á déanamh ar stoic sa Mhuir Dhubh; á mheas, dá bhrí sin, gur gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun feabhas a chur ar an staid;

61. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh sa Mhuir Dhubh, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcaoi ar bhain na Ballstáit cósta úsáid as CEMI 2014-2020 chun a áirithiú go ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe ar stoic agus go bhfeabhsófaí an bhithéagsúlacht;

°

° °

62. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, rialtais agus parlaimintí na hÚcráine, Chónaidhm na Rúise, na Seoirsia agus Phoblacht na Tuirce, chuig an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir, chuig Eagraíocht na Mara Duibhe um Chomhar Eacnamaíochta, agus chuig an gCoimisiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Nuair a tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin isteach san Aontas an 1 Eanáir 2007, bhí feidhm ag reachtaíocht an Aontais agus ag an gComhbheartas Iascaigh (CBI) maidir le huiscí críochacha an dá thír sin. Is é an aidhm leis an mbeartas sin feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta ar thaobh amháin agus cothabháil agus/nó cruthú slite beatha eacnamaíocha ar an taobh eile.

Níl i limistéir eacnamaíocha eisiacha na Bulgáire agus na Rómáine ach 15 % d'uiscí na Mara Duibhe. Ciallaíonn sé sin go bhfuil dlúthnasc idir an chuid sin den Mhuir Dhubh a thagann faoi dhlínse an Aontais agus uiscí lasmuigh den Aontas. Sa chomhthéacs sin agus chun bainistiú éifeachtúil acmhainní iascaigh a áirithiú, tá sé ríthábhachtach idirphlé gníomhach agus cuiditheach a shaothrú leis na tíortha eile uile de chuid na Mara Duibhe (an Tuirc, an Rúis, an Úcráin agus an tSeoirsia) agus le Poblacht na Moldóive, a thagann faoi dhobharcheantar na Mara Duibhe agus a bhfuil tionchar aige, dá bhrí sin, ar a cothromaíocht éiceolaíoch agus ar a forbairt, cé nach bhfuil teorainn dhíreach aige léi.

Braitheann dúshláin agus deiseanna earnáil iascaigh na Mara Duibhe chomh mór céanna ar a saintréithe féin is a bhraitheann siad ar fhorbairt an mhargaidh. Is féidir na dúshláin a nascadh le gnéithe nádúrtha nó le gníomhaíocht an duine, amhail truailliú (a dhéanann difear díreach nó indíreach don Mhuir Dhubh trí na haibhneacha a théann isteach ann); róshaothrú acmhainní; tabhairt isteach speicis choimhthíocha ionracha; easpa cur chuige cuimsitheach chun infheictheacht agus cumas tuillimh na hearnála a mhéadú; easpa foirne san earnáil; easpa acmhainní (airgeadais, ábhar agus/nó daonna) chun sonraí a bhailiú maidir leis na stoic éisc agus stoic na speiceas nach éisc iad in imchuach na Mara Duibhe.

Chun anailís a dhéanamh ar na dúshláin atá os comhair earnáil iascaigh na Mara Duibhe, tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an Mhuir Dhubh leathdhúnta agus nach bhfuil sí nasctha leis an aigéan ach go hindíreach tríd an Meánmhuir (trí Mhuir Marmara agus an Mhuir Aeigéach). Dá bhrí sin, is beag malartú uisce agus substaintí a bhíonn ann. Baineann contúirt leis an staid sin, inter alia, don chomhshaol, agus bíonn tionchar aici freisin ar orgánaigh mhuirí, lena n-áirítear speicis a bhfuil tábhacht ag baint leo don earnáil iascaigh. Maidir le dramhaíl, go háirithe plaisteach, ach ceimiceáin freisin, a scaoiltear díreach isteach san fharraige nó a bhaineann an fharraige amach trí chúrsaí uisce, is iondúil go bhfanann sí ansin. De réir thuarascáil EMBLAS-Plus 2017, ina léirítear táscairí cáilíochta éagsúla d'uiscí críochacha na dtíortha atá ar bhruach na Mara Duibhe, is iad dramhaíl chathrach, dramhaíl thionsclaíoch, aeriompar fadraoin, talmhaíocht, calafoirt agus gníomhaíochtaí muirí is mó a dhéanann uiscí na Mara Duibhe a thruailliú. Ní mór a thabhairt chun suntais gur cúis mhór imní iad na táscairí sin maidir le riocht uiscí, go háirithe in oirthear na Mara Duibhe. Chun truailliú mara a laghdú, agus na sainiúlachtaí a bhaineann leis á gcur san áireamh, ní mór na truailleáin uile feadh na n-aibhneacha a théann isteach sa Mhuir Dhubh a shainaithint. Cé nach bhfuil aon chomhthoil eolaíoch iomlán ann fós maidir leis an tionchar a bhíonn ag micreaphlaistigh ar shláinte speiceas muirí agus, dá bhrí sin, ar shláinte tomhaltóirí, tugtar le fios san fhaisnéis ar fad atá ar fáil maidir le foinsí truaillithe nár cheart neamhaird a thabhairt orthu. A mhalairt ar fad atá fíor: ní mór gach rud a dhéanamh chun an truailliú sin a dhíothú.

Gné thábhachtach eile den fharraige is ea na leibhéil ísle salandachta i gciseal uachtarach na Mara Duibhe, arb ionann iad, ar an meán, agus 17.5 mg/l, i gcomparáid le thart ar 35 mg/l sna

haigéin, agus tá sé sin inchurtha freisin le hidirmhalartú gann a huiscí le haigéan. De réir mheastacháin FAO, fágann na leibhéil salandachta níos ísle sa Mhuir Dhubh gur lú bithéagsúlacht atá ann (1 200 speiceas) ná mar atá sa Mheánmhuir (beagnach 7 000 speiceas), ach, de bharr ionchuir fionnuisce níos fearr, is gnách go bhfásann fíteaplanctóin níos rábaí sa Mhuir Dhubh ná sa Mheánmhuir. Tá líon na zóplanctón réasúnta ard freisin. Cuireann sé sin deiseanna maithe forbartha ar fáil d'earnálacha áirithe, amhail dobharshaothrú speiceas atá in ann rath a bhaint amach in uiscí goirte. Léiríonn an earnáil seo an-acmhainn fáis sna blianta amach romhainn mar gheall ar na tairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a ghabhann léi. Ba cheart do na Ballstáit tacú leis an bhfiontraíocht san earnáil trí chláir agus bearta sonracha, faoi chuimsiú dhlí an Chomhphobail, agus trí ionstraimí breithiúnacha eile.

Tá sciar suntasach de tháirgeadh iascaigh na Mara Duibhe beartaithe lena n-onnmhairiú. Dá bhrí sin, trí thrádáil idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear trádáil i gcás na dtáirgí sin, cuirfear le forbairt na hearnála. Ina leith sin, ba cheart do na Ballstáit cabhrú le pobail iascaireachta agus lena gcomhlachais chun a bpróifíl a ardú. Chuige sin, d'fhéadfaidís rannpháirtíocht i dtaispeántais idirnáisiúnta, i dtionscadail taighde margaidh agus i bhfóraim eile a éascú. Ní mór cabhrú le hiascairí beaga a gcuid táirgí a chur ar fáil níos éasca don tomhaltóir deiridh.

Leis na leibhéil ísle tomhaltais de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe sa dá Bhallstát den Aontas a bhfuil teorainn acu leis an Muir Dhubh, tá acmhainneacht shuntasach ann fás a dhéanamh ar thomhaltas intíre. Is féidir na leibhéil reatha a mhíniú de bharr tosca eacnamaíocha, ach d'fhéadfadh an earnáil a cuid táirgí agus a tairiscint a éagsúlú, mar shampla trí tháirgí loma a thairiscint ar phraghas níos inacmhainne.

Ba cheart do na hinstitiúidí iascaigh lena mbaineann breithniú a dhéanamh freisin ar fheachtais a reáchtáil chun an t-éileamh ar tháirgí iascaigh a mhéadú. Bheadh tionchar dearfach ag tionscnaimh den chineál sin ar earnáil na hiascaireachta sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus d'áiritheofaí leo a hinbhuanaitheacht. Chun é sin a dhéanamh, tá gá le próifíl tháirgeadh na hearnála iascaireachta a ardú agus na buntáistí a bhaineann le táirgí iascaigh a ithe a fhógairt.

Ó thaobh na maicreacnamaíochta de, ní rannchuidíonn an earnáil go mór le geilleagair náisiúnta na Bulgáire agus na Rómáine, ach tá ról lárnach aici ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Chomh maith le poist san earnáil féin, cruthaítear poist indíreacha in earnálacha eile freisin. D'fhéadfaí, mar shampla, idirghníomhaíochtaí a fheabhsú leis an turasóireacht áitiúil, amhail táirgí iascaigh a sheachadadh do bhialanna nó taispeántais, imeachtaí agus féilte turasóireachta a eagrú.

Ní mór méid agus aois an chabhlaigh iascaireachta a chur san áireamh, chomh maith le struchtúr aoise na n-iascairí sa Mhuir Dhubh. Soithí beaga is ea sciar mór soithí (thart ar 95 % sa Bhulgáir agus 86 % sa Rómáin) a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Is amaitéaraigh iad an chuid is mó d'iascairí nach dtéann ach ar chúpla turas in aghaidh an tséasúir/na bliana. Is iondúil go mbíonn a ngabhálacha beag agus beartaithe le haghaidh tomhaltais phearsanta. Tá cuid den daonra ag brath ar na slite beatha agus ar na traidisiúin sin, agus mar sin níor cheart bac díréireach a chur ar iascaireacht ar mhionscála mar gheall ar cheanglais eacnamaíocha nach bhfuil údar leo agus a chuirfeadh deireadh leis na gníomhaíochtaí sin.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit tuilleadh faisnéise agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le húsáid agus caomhnú éisc agus stoc neamhiasc sa Mhuir Dhubh. Chuige

sin, is gá tacú le malartuithe eolaíocha agus gairmiúla le geallsealbhóirí sa réigiún, lena n-áirítear lasmuigh de chreat ionstraimí airgeadais agus tacaíochta AE.

Tá sé riachtanach go dtabharfar an aird iomchuí ar an mbithéagsúlacht in imchuach na Mara Duibhe, agus go háirithe ar aibhneacha atá laistigh d'imchuach na Mara Duibhe atá faoi rialú ag dlí an Chomhphobail. Is ar an Danóib, a thrasnaíonn seacht mBallstát AE agus dhá thír eile, a mhaireann an Mhuir Dhubh. Is foinse mhór í an abhainn seo de na hacmhainní bitheolaíocha don Mhuir Dhubh atá mar chuid lárnach dá cuid iascaigh. Is díol spéise ar leith é iascaireacht a dhéanamh ar bhradáin fearna feadh na Danóibe agus ina deilte, agus in uiscí na Mara Duibhe atá in aice láimhe. Mar sin féin, ar roinnt cúiseanna a bhaineann leis an duine, tá an daonra bradán fearna faoi bhagairt throm anois. Tagann an bhagairt sin ón iascaireacht agus ó ghníomhaíochtaí eile araon, amhail dambaí a thógáil feadh na Danóibe, rud a chuireann cosc ar bhradáin fearna agus ar éisc imirceacha eile a láithreacha sceite gnáth a shroicheadh. Tá cosc ar iascaireacht bradán fearna faoi láthair. Seoladh feachtais chun éisc óga a thabhairt isteach an athuair freisin, ach ós rud é nach mbaineann bradáin fearna aibíocht ghnéasach amach ach tar éis roinnt blianta, tá sé deacair fós a n-éifeachtacht a mheas. I bhfianaise shainiúlacht bhitheolaíoch an speicis, ba cheart toirmisc níos fadtéarmaí (do na blianta amach romhainn) a chur san áireamh. I bhfianaise staid chriticiúil na stoc bradán fearna, ní mór bearta radacacha a dhéanamh chun iad a chaomhnú, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 10.5.2021 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 0<br>0: 3 |
| **Na Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François-Xavier Bellamy, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Giuseppe Ferrandino, João Ferreira, Søren Gade, Francisco Guerreiro, Anja Hazekamp, Niclas Herbst, France Jamet, Pierre Karleskind, Francisco José Millán Mon, Grace O'Sullivan, Manuel Pizarro, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Annie Schreijer-Pierik, Ruža Tomašić, Peter van Dalen, Emma Wiesner, Theodoros Zagorakis |
| **Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carmen Avram, Nicolás González Casares, Valentino Grant, Ivo Hristov |

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

| 25 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Ruža Tomašić |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Maria da Graça Carvalho, Peter van Dalen, Niclas Herbst, Francisco José Millán Mon, Annie Schreijer-Pierik, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Pierre Karleskind, Emma Wiesner |
| S&D | Carmen Avram, Isabel Carvalhais, Giuseppe Ferrandino, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Manuel Pizarro |
| The Left | João Ferreira, Anja Hazekamp |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|
| | |
| **3** | **0** |
| ID | Rosanna Conte, Valentino Grant, France Jamet |

Eochair do na siombailí:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh